Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**14497/18**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0810 (COD)**

**EF 301**
**UEM 359**
**ECOFIN 1087**
**INST 449**
**CODEC 2057**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I"**

| | |
|---|---|
| ó: | Uachtaránacht/ Ardrunaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Moladh le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Airteagal 22 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh<br>*- Sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an togra comhréitigh is déanaí ón Uachtaránacht le haghaidh sainordú caibidlíochta maidir leis an moladh thuasluaite.

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**
**lena leasaítear Airteagal 22 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 129(3) de,

Ag féachaint do Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 40.1 de,

Ag féachaint don mholadh ón mBanc Ceannais Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ar na cúraimí bunúsacha a bheidh le déanamh faoin gCóras Eorpach Banc Ceannais (CEBC) tá beartas airgeadaíochta an Aontais a shainmhíniú agus a chur chun feidhme agus oibriú rianúil na gcóras íocaíochta a chur chun cinn. Tá sé riachtanach go mbeadh bonneagair an mhargaidh airgeadais, go háirithe na córais imréitigh, slán agus éifeachtach d'fhonn na cúraimí bunúsacha seo a chomhlíonadh.

(2) Cheana féin, d'fhonn cuspóirí CEBC a bhaint amach agus a chuid cúraimí a dhéanamh, féadfaidh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) agus na bainc cheannais náisiúnta saoráidí a chur ar fáil agus féadfaidh BCE rialacháin a cheapadh chun a áirithiú go mbeidh córais imréitigh agus íocaíochta againn atá éifeachtach agus fónta san Aontas féin agus le tríú tíortha.

---

[1] Sannfaidh Oifig Foilseacháin an Aontais Eorpaigh an uimhir seo nuair a fhoilseofar an tuairim san Iris Oifigiúil.

(3) Ar an 4 Márta 2015, thug an Chúirt Ghinearálta a breithiúnas sa chás *An Ríocht Aontaithe* v *BCE*, Cás T-496/111[2], inar dearbhaíodh nach raibh an inniúlacht is gá ag BCE chun rialáil a dhéanamh ar ghníomhaíocht na gcóras imréitigh. Shonraigh an Chúirt Ghinearálta go gcumasaíonn Airteagal 129(3) den Chonradh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus ar mholadh ó BCE, Airteagal 22 de Reacht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh (dá ngairtear 'Reacht CEBC' anseo feasta) a leasú. Chinn an Chúirt "gur faoi BCE a bheadh sé, dá measfadh sé gur ghá, le haghaidh feidhmiú cuí an chúraim dá dtagraítear sa cheathrú fleasc d'Airteagal 127(2) CFAE, cumhacht a dheonú dó chun rialáil a dhéanamh ar bhonneagair lena ndéantar idirbhearta in urrúis a imréiteach go n-iarrfadh sé ar reachtas AE Airteagal 22 den Reacht a leasú, trí thagairt shainráite do chórais imréitigh urrús a chur isteach ann."

(4) Mar thoradh ar na hathruithe móra atá ag tarlú ar an leibhéal domhanda agus ar leibhéal na hEorpa, táthar den tuairim go dtiocfaidh méadú ar an mbaol go ndéanfadh suaitheadh a dhéanann difear do chórais imréitigh, go háirithe contrapháirtithe lárnacha (CCPanna), bagairt ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta agus cur chun feidhme an bheartais airgeadaíochta aonair, rud a dhéanfadh difear i ndeireadh thiar thall do chuspóir príomha an Eurochórais, mar atá cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

(5) Ar an 29 Márta 2017, thug Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann fógra don Chomhairle Eorpach faoina hintinn tarraingt siar ón Aontas Eorpach. Mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe, tiocfaidh athrú ó bhonn ar an gcaoi a ndéantar rialáil, formhaoirsiú agus maoirsiú ar ghníomhaíochtaí imréitigh áirithe a ainmnítear in euro agus a bhfuil tábhacht shistéamach leo, rud a dhéanfaidh dochar do chumas an Eurochórais faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar rioscaí ar oibriú rianúil na gcóras íocaíochta, agus a dhéanfaidh dochar do chur chun feidhme bheartas airgeadaíochta an Eurochórais.

(6) Diaidh ar ndiaidh tá an t-imréiteach lárnach á dhéanamh níos minice ar bhonn trasteorann agus tá tábhacht shistéamach ag baint leis. I bhfianaise a éagsúla agus atá na CCPanna a sholáthraíonn seirbhísí airgeadais agus a nádúr uile-Eorpach, tá tábhacht mhór leo don Aontas ina iomláine agus go háirithe don limistéar euro. Léirítear an méid sin i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lena mbunaítear comhshocruithe maoirseachta cómhargála i bhfoirm coláistí, atá comhdhéanta de na húdaráis ábhartha náisiúnta agus Aontais, lena n-áirítear an Eurochóras ina ról mar bhanc ceannais eisiúna don euro.

(7) D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin, thíolaic an Coimisiún a thogra reachtach ar an 13 Meitheamh 2017 chun cobhsaíocht airgeadais agus sábháilteacht agus sláine CCPanna a bhfuil ábharthacht shistéamach acu do mhargaí airgeadais ar fud an Aontais a áirithiú. Le háirithiú gur féidir leis an Eurochóras, mar bhanc ceannais eisiúna don euro, an ról a leagtar síos dó sa togra

[2] ECLI: EU:T:2015:133.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála (IO L 201, 27.7.2012, lch. 1).

reachtach a chomhlíonadh, tá sé fíorthábhachtach go mbeadh na cumhachtaí ábhartha aige faoin gConradh agus faoi Reacht CEBC.

(8) Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a bheith ag BCE, arna iarraidh sin agus teoranta do na gnéithe sin a bhaineann leis an euro, páirt a ghlacadh i nósanna imeachta lena meastar nár cheart aitheantas a thabhairt do chórais imréitigh d'ionstraimí airgeadais i dtríú tíortha nó do roinnt dá seirbhísí imréitigh toisc go bhfuil tábhacht shistéamach chomh mór sin ag baint leo don Aontas nó do cheann amháin nó níos mó dá Bhallstáit.

(9) Ba cheart a bheith ag BCE na cumhachtaí maidir le córais imréitigh d'ionstraimí airgeadais atá lonnaithe i dtríú tíortha agus a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo ó thaobh chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit chun éileamh orthu faisnéis a thíolacadh agus obair i ndlúthchomhar le BCE i gcomhthéacs rannchuidiú BCE leis an measúnú ar acmhainn na gcóras imréitigh ar dhálaí codarsnacha an mhargaidh agus chun éileamh ar chórais imréitigh cuntais taisce thar oíche a oscailt le BCE i gcomhréir le critéir rochtana agus ceanglais ábhartha.

(10) I gcásanna eisceachtúla amháin, amhail anás sna margaí (go háirithe sa mhargadh airgid nó sa mhargadh athcheannaigh) ar a bhfuil córas imréitigh d'ionstraimí airgeadais ag brath chun leachtacht a fháil, cásanna ina gcuireann oibríochtaí na gcóras imréitigh d'ionstraimí airgeadais le heaspa leachtachta sa mhargadh nó mífheidhmiú tromchúiseach socruithe íocaíochta nó socraíochta a chuireann bac ar chumas na gcóras imréitigh d'ionstraimí airgeadais a gcuid oibleagáidí íocaíochta a shásamh nó cur lena riachtanais leachtachta, agus i ndlúthchomhar le húdaráis eile an Aontais, ba cheart a bheith ag BCE freisin na cumhachtaí maidir le córais imréitigh d'ionstraimí airgeadais atá lonnaithe i dtríú tíortha agus a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo ó thaobh chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, ba cheart na cumhachtaí sin a bheith ag BCE chun ceanglais a ghlacadh a bheadh teoranta do thréimhse suas le bliain amháin agus iad dírithe ar dhul i ngleic leis na rioscaí sealadacha leachtachta sistéamacha a chuireann as do tharchur beartais airgeadaíochta nó d'fheidhmiú rianúil córas íocaíochta. Ba cheart do na ceanglais sin fóntacht airgeadais agus sábháilteacht na gcóras imréitigh d'ionstraimí airgeadais a chaomhnú, ba cheart dóibh a bheith bainteach le réimsí amhail rialú rioscaí leachtachta, ceanglais éarlaise, cúlbhannaí, socruithe socraíochta nó socruithe idir-inoibritheachta agus féadfar a áireamh leo, ach go háirithe, feabhsaithe ar bhainistiú rioscaí leachtachta na gcóras imréitigh d'ionstraimí airgeadais, amhail méadú ar an maolán leachtachta, méadú ar a mhinice a bhaileofar corrlaigh ionlae, teoranacha ar neamhchosaintí tras-airgeadra nó módúlachtaí sonracha chun airgead tirim a chur i dtaisce le BCE agus íocaíochtaí a íoc in euro. Sna cásanna eisceachtúla sin ina mbeidh sé i gceist ag BCE ceanglais a fhorchur, ba cheart dó a bhfuil ar intinn aige a chur in iúl do chomhlachtaí ábhartha eile an Aontais agus míniú a thabhairt dóibh faoin gcaoi a gcaomhnaíonn na ceanglais sin a bhfuil sé ar intinn aige a fhorchur fóntacht agus sábháilteacht airgeadais na gcóras imréitigh

d'ionstraimí airgeadais agus réasúnú a thabhairt leis sin ar an bhfáth go bhfuil na ceanglais sin riachtanach agus comhréireach.

(11) Cuid de Chaibidil IV 'Feidhmeanna agus oibríochtaí airgeadaíochta CEBC' is ea Airteagal 22 de Reacht CEBC. Dá réir sin, ba cheart úsáid a bhaint as na cúraimí a thugtar ann chun críocha an bheartais airgeadaíochta agus chuige sin amháin.

(12) Ar na cúiseanna sin, ba cheart cumhachtaí a thabhairt do BCE ar chórais imréitigh d'ionstraimí airgeadais, go háirithe CCPanna, atá lonnaithe i dtríú tíortha agus a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo ó thaobh chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit, trí bhíthin leasú a dhéanamh ar Airteagal 22 de Reacht CEBC.

(13) Le gníomhartha reachtacha ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna nglacadh ar bhonn na bhforálacha a bhaineann le bunú nó feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh dá bhforáiltear i gCuid III CFAE, lena n-áirítear bearta arna nglacadh de bhun na ngníomhartha sin, bunaítear an creat dlí ginearálta do chórais imréitigh d'ionstraimí airgeadais agus go háirithe d'údarú, aithint agus maoirsiú CCPanna i ndlí an Aontais. Cé gur cheart do BCE a chumhachtaí a fheidhmiú ar bhealach neamhspleách chun ceanglais a fhorchur maidir le córais imréitigh d'ionstraimí airgeadais atá lonnaithe i dtríú tíortha agus a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo ó thaobh chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit de bhun Airteagal 130 CFAE a mhéid is gá chun príomhchuspóirí CEBC a bhaint amach agus a bhunchúraimí a dhéanamh, ba cheart dó na cumhachtaí sin a fheidhmiú ar bhealach ina dtugtar aird chuí ar an gcreat ginearálta thuasluaite, agus i gcomhréir leis, agus ba cheart dó, i gcás inarb infheidhme, urraim a thabhairt do na freagrachtaí agus do na nósanna imeachta institiúideacha a leagtar amach sa chreat úd.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid a leanas in ionad Airteagal 22 de Reacht CEBC:

"*Airteagal 22*

Córais íocaíochta agus córais imréitigh d'ionstraimí airgeadais

22.1. Féadfaidh BCE agus bainc cheannais náisiúnta saoráidí a chur ar fáil, agus féadfaidh BCE rialacháin a dhéanamh, d'fhonn córais éifeachtúla fhónta imréitigh agus íocaíochta a áirithiú laistigh den Aontas agus le tríú tíortha.

22.2. D'fhonn cuspóirí CEBC a bhaint amach agus a chuid cúraimí a dhéanamh, gan dochar do neamhspleáchas BCE i gcomhréir le hAirteagal 7 agus le haird chuí ar ghníomhartha reachtacha Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus ar na bearta a glacadh faoi na gníomhartha sin agus ag luí leo sin, féadfaidh BCE an méid seo a leanas a dhéanamh maidir le córais imréitigh d'ionstraimí airgeadais atá lonnaithe i dtríú tíortha agus a bhfuil tábhacht shistéamach ag baint leo ó thaobh chobhsaíocht airgeadais an Aontais nó ceann amháin nó níos mó de na Ballstáit:

(a) a éileamh ar na córais imréitigh úd:

- faisnéis a thíolacadh,
- comhoibriú chun measúnu a dhéanamh ar a n-acmhainn ar dhálaí codarsnacha an mhargaidh,
- cuntais taisce thar oíche a oscailt agus,
- i gcásanna eisceachtúla, na ceanglais sin a chomhlíonadh atá teoranta do thréimhse suas le bliain amháin agus a bhaineann le rialú ar riosca leachtachta, socruithe socraíochta, corrlaigh, comhthaobhacht nó socruithe idir-inoibritheachta lena ndírítear ar dhul i ngleic leis na rioscaí sealadacha leachtachta sistéamacha a chuireann as do tharchur beartais airgeadaíochta nó d'fheidhmiú rianúil córas íocaíochta agus, san am céanna, fóntacht airgeadais na gcóras imréitigh úd a chaomhnú , mar aon lena sábháilteacht.

(b) páirt a ghlacadh i nósanna imeachta faoi dhlí an Aontais a bhaineann le haitheantas na gcóras imréitigh sin d'ionstraimí airgeadais.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.'